Athbhreithniú Polasaí i dtaobh Usáid an idirlín.

Coláiste na bPiarsach

Ros Muc

Baineann an polasaí le:
Scoláirí, Foireann na Scoile, na tuismitheoirí, Bord bainistíochta agus le Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh & Ros Comáin.

Réamhrá

Is é aidhm an pholasaí seo ná a chinntiú go bhfaighidh daltaí buntáistí as na deiseanna foghlama a bhaineann le h-áiseanna Idirlín Choláiste na bPiarsach ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Féachtar ar úsáid Idirlín mar acmhainn agus mar phribhléid scoile. Muna gcloítear leis an bpolasaí i dtaobh usáid an Idirlín, tarraingeofar siar an phribhléid agus cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm.

Nóta: Ní bhfuair an polasaí seo a léamh in éineacht lena polasaithe seo a leanas:

- Polasaí Fón Póca
- Polasaí Frith-bhulaíocht

Cúis leis an bpolasaí seo:

- Ionas gur féidir le gach dalta leas éifeachtach, oideachasúil a bhaint as an idirlíon.
- Ionas go mbeadh tuiscint ag na daltaí ar shábháilteacht idirlín agus conas an t-acmhainn a úsáid ar bhealach dearfach, cuí agus feiliúnach.

Aidhmeanna

- Go mbeidh teacht ag pobal na scoile ar an idirlíon nuair is gá.
- Go mbeidh tuiscint ag pobal na scoile ar na bealaí a bhaintear úsáid mífheiliúnach, dochrach, mídhleathach as an idirlíon.
- Go dtabharfaí treoir do scoláirí dul i mbun taighde cheart ar an idirlíon agus conas cuardach éifeachtach a dhéanamh.
- Go mbeidh na scoláirí in ann cumarsáid leictreonach éifeachtach, bhéasach, chuí a dhéanamh.
- Go mbeidh tuiscint ag an scoláire nach n-glacfar le bulaíocht ar-líne.

Ábhar

- Caithfidh gach scoláire agus tuismitheoir/caomhnóir comhaontú a shiniú ag glacadh leis an bpolasaí seo agus glacadh dá réir leis na h-impleachtaí muna gcloífear le tearmaí an pholasaí.
- Déanfaidh bainistíocht na scoile agus rannóg theicneolaíocht Bord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros Comáin monatóireacht ar na suíomhanna idirlín atá á n-úsáid ag na scoláirí ar riomhairí na scoile agus ar na mionriomhairí.

Straitéis na Scoile

Bainfidh an scoil leas as roinnt straitéisí chun cur le deiseanna foghlama an idirlíon agus le rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú:

1. **Go Ginearálta**

- Beidh múinteoir i gcónaí ag maoirsiú seisiúin Idirlín.
- Bainfear leas as bogearraí scagtha (soláthraithe ag Rannóg theicneolaíocht Bhord Oideachais agus Oiliúna Gaillimh/Ros comáin agus ag an PDST) chun an riosca a bhaineann le nochtadh ábhar mífheiliúnach a laghdú.
- Níl sé de chead ag scoláire a bheith ag úsáid an idirlíon ar scoil gan a bheith faoi mhaoirseacht múinteoir.
- Déanfaidh bainistíocht na scoile agus Rannóg theicneolaíocht Bhord Oideachais & Oiiúna Gaillimh agus Ros Comáin monatóireacht rialta ar úsáid idirlín na ndaltaí.
- Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le sábháilteacht Idirlín.
- Ní cheadófar íoschóipeáil nó uaslódáil a dhéanamh ar bhogearraí nach mbeidh ceadaithe.
- Bainfear leas as bogearraí cosanta víreas agus tabharfar é suas chun dáta go rialta.
- Cleachtóidh na daltaí dea "netiquette" (i.e., dea-iompar ar an Idirlíon) ag gach tráth agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeiodh droch-cháil ar an scoil.

An Gréasán Domhanda

- Ní rachaidh mic léinn chuig láithreáin Idirlín ar a mbeidh ábhair ghraostacha, mídhleathacha nó mífheiliúnach ar aon bhealach eile.
- Is ar chúiseanna oideachasúil amháin a bhainfidh daltaí úsáid as an idirlíon.
- Beidh eolas ag daltaí ar cheisteanna cóipchirt a bhaineann le foghlaim ar líne.
- Ní dhéanfaidh daltaí nochtadh nó foilsiú ar eolas phearsanta.
- Beidh a fhios ag scoláirí na scoile faoina contúirtí a bhaineann le nochtadh eolas phearsanta nó eolas scoile ar an idirlíon.

Ríomhphost

- Úsáidfidh na scoláirí cuntais riomhphoist atá ceadaíthe ag an scoil amháin agus beidh na seisiúin seo faoi mhaoirseacht an mhúinteoir.
- Ní sheolfaidh agus ní bhfaighidh daltaí aon ábhar a bheadh mídhleathach, graostach nó mífheiliúnach ar aon bhealach eile.
- Ní sheolfaidh an dalta aon eolas a chuirfeadh eagla nó imní ar aon dhalta eile. Glaoifear bulaíocht ar-líne ar seo agus ní ghlacann muid lena leithéid anseo i gColáiste na bPiarsach,
- Ní fhoilseoidh daltaí a sonraí pearsanta féin ná sonraí daoine eile ar nós mar shampla seoltaí nó uimhreacha fóin nó picitiúir.
- Ní shocróidh daltaí cruinniú casadh go fisiciúil le haon duine.
- Is le céad an mhuinteoir ranga amháin a bhéas an deis ag scoláire ceangaltán(attachment) le ríomhphoist a fháil nó a sheoladh.

Comhrá Idirlín

- Ní bheidh cead ag scoláirí usáid a bhaint seomraí comhrá, fóraim chomhrá agus fóraim leictreonacha chumarsáide eile ar scoil taobh amuigh de na cinn a bhéas ceadaíthe ag an scoil. Beidh na seisiúin áiríthe seo faoi mhaoirseacht an mhúinteoir i gconaí.
- Ní bhainfear leas as seomraí comhrá, fóraim phlé agus fóraim chumarsáide leictreonacha eile ach amháin ar chúiseanna oideachais agus beidh siad sin faoi mhaoirseacht an mhúinteoir i gconaí.
- Bainfear úsáid as ainmneacha úsáideoirí chun fíorchéannacht a cheilt.
- Beidh cosc iomlán ar chruinniú duine le duine trí chruinniú a bheith eagraithe via comhrá Idirlín.
- Ní úsáidfidh scoláire seomraí comhrá, fóraim phlé agus fóraim chumarsáide leictreonacha eile chun bulaíocht a dhéanamh ar scoláire eile.

Suíomh idirlín na Scoile

- Tabharfar deis do dhaltaí tionscadail, obair ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar an nGréasán Domhanda.
- Déanfaidh múinteoir comhordú ar fhoilsiú obair daltaí.
- Foilseofar obair dhaltaí i gcomhthéacs oideachais ar suíomh idirlíon na scoile le fógra cóipchirt. Leis an fógra cóipchirt seo ní féidir le éinne obair an scoláire a usáid gan cead sonrach i scríbhinn.

- Ní fhoilseofar grianghraif dhigiteacha, clipeanna éisteachta nó físe de dhaltaí aonair ar an ngréasán scoile gan cead tuismitheoir/caomhnóir. Díreoidh grianghraif agus clipeanna éisteachta agus físe ar ghníomhaíochtaí grúpaí.
- Ní chuirfear eolas phearsanta faoi scoláirí ar suíomh idirlíon na scoile ar nós mar shampla seoladh baile agus sonraí teagmhála
- Beidh úinéireacht ag daltaí fós ar an gcóipcheart ar aon obair a fhoilseofar.

Reachtaíocht

Soláthróidh an scoil eolas ar an reachtaíocht seo a leanas maidir le húsáid an Idirlín agus ar chóir do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí dul i dtaithi uirthi:

- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998
- An tAcht Tascartha, 1993
- An tAcht um Fhístaifeadtaí, 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988
- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú, 2003)

Struchtúir Thacaíochta

Cuirfidh an scoil eolas ar fáil do dhaltaí agus do thuismitheoirí faoi eagraíochtaí tacaíochtaí a bhíonn ag déileáil le hábhar mídhleathach agus úsáid dhochrach an Idirlín.

Smachtbhannaí

D'fhéadfaí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm de bharr mí-úsáid a bhaint as an Idirlíon, agus i gcásanna tromchúiseacha fionraí nó díbirt. Tá sé de cheart ag an scoil freisin aon ghníomhaíochtaí mídhleathacha a thuairisciú chuig na húdaráis chuí.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2022/23.
Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach, Ros Muc ar an
.....

Cathaoirleach.....

Foirm cheadaíthe

Féach le do thoil ar an bPolasaí i dtaobh usáid an idirlíon.Sínigh agus cuir ar ais an fhoirm cheadaíthe seo chuig an bPríomhoide.

Ainm an Dalta: _____ Rang/Bliain: _____

Dalta

Comhaontaím Polasaí i dtaobh usáid an idirlíon na scoile. Bainfidh mé úsáid as an Idirlíon ar bhealach freagrach agus comhlíonfaidh mé na rialacha ar fad a mhíneoidh an scoil dom.

Síniú an Dalta: _____ Dáta: _____

Tuismitheoir/Caomhnóir

Mar thuismitheoir/Caomhnóir dlíthiúil an dalta thuas tá an Polasaí i dtaobh usáid an idirlíon léite agam agus tugaim cead do mo mhac nó iníon idirlíon na scoile a usáid. Tuigim go bhfuil usáid an Idirlín bunaíthe ar usáid oideachasúil amháin. Tuigim freisin go bhfuil gach réamhchúram réasúnach glactha ag an scoil chun soláthar a dhéanamh do shábháilteacht ar líne ach ní féidir freagracht a bheith ar an scoil má dhéanann daltaí an idirlíon a usáid ar bhealach mhí-oiriúnacha.

Glacaim leis an alt thuas □ (Cur tic sa bhosca)

Maidir le suíomh idirlíon na scoile tuigim i gcásanna airíthe go féidir obair scoile mo mhac/iníon a roghnú le cur suas air.Tuigim téarmaí an Pholasaí i dtaobh usáid an idirlíon agus glacaim leo maidir le obair mo mhac/iníon a fhoilsiú ar shuíomh idirlíon na scoile.

Glacaim leis an alt thuas □ (Cur tic sa bhosca)

Síniú: _____ Dáta: